Aillte an Mhothair

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chóras nua atá in ionad Aillte an Mhothair a chuidíonn le turasóirí na radhairc áille a fheiceáil nuair a bhíonn drochaimsir ann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| aillte<br>radhairc<br>ceo … | *interactive*<br>*constant rain …* |

1. Conas atá an aimsir inniu?
2. Ar thug tú cuairt ar Aillte an Mhothair riamh? Cad a cheap tú faoin turas?
3. Conas a bhí an aimsir an uair dheireanach a thug tú cuairt ar cheantar a bhfuil radhairc áille ann?
4. Samhlaigh go bhfuil tú ag tabhairt cuairt ar Aillte an Mhothair ar lá báistí agus go bhfuil ceo ann. Conas a chuireann an aimsir isteach ar an turas?





# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. nua-aimseartha | a. *interactive* |
| 2. idirghníomhach | b. *investment* |
| 3. blaiseadh | c. *(it) ruins, spoils* |
| 4. ag báisteach | d. *before she dives* |
| 5. loiteann | e. *raining* |
| 6. sa phluda | f. *modern* |
| 7. aillte diamhra | g. *arrow* |
| 8. sula dtumann sí | h. *mysterious cliffs* |
| 9. saighead | i. *taste* |
| 10. infheistíocht | j. *in the mud* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Is minic a bhíonn sé ________________ anseo in Éirinn.
- Rinne Comhairle Contae an Chláir ________________ mhór san ionad agus sa chóras nua.
- Tá córas ________________, ________________ curtha ar bun in Ionad Aillte an Mhothair.
- Tagann a lán turasóirí go dtí Ionad Aillte an Mhothair chun na h________________ a fheiceáil.
- Bíonn sé ag báisteach go minic agus ______________ an aimsir an chuairt do na cuairteoirí.
- Léirítear éan san fhíseán ag eitilt sa spéir ______________ san fharraige.
- Lean na comharthaí a bhfuil ________________ orthu.
- Tugann an córas nua ______________ de na radhairc áille atá sa cheantar do na cuairteoirí.
- Nuair a bhíonn sé ag báisteach bíonn na cuairteoirí ag siúl ______________.

3. Cad is brí leis an bhfocal 'síor'? Téigh go dtí www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte. Cad is brí le 'síorbháisteach' mar sin? ________________________________________________

4. Meaitseáil ainmneacha na n-éan leis na héin chearta.








| | |
|---|---|
| Faoileán bán | _____ |
| Corr réisc | _____ |
| Gainéad | _____ |

## C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cá bhfuil Aillte an Mhothair?

   ______________________________

2. Conas atá an aimsir sa mhír?

   ______________________________

3. An bhfuil na turasóirí ag baint taitneamh as an aimsir, dar leat? Cén fáth a ndeir tú é sin?

   ______________________________

4. Cad é an córas nua-aimseartha atá curtha ar bun in Ionad Aillte an Mhothair?

   ______________________________

5. Cén fáth ar cuireadh an córas nua ar bun?

   ______________________________

6. Cad a léiríonn an físeán?

   ______________________________

7. Cé mhéad a chosain an córas seo?

   ______________________________

8. An dtaitníonn an físeán leis na cuairteoirí?

   ______________________________



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (cúpla forainm réamhfhoclach)

a) Féach ar na forainmneacha réamhfhoclacha thíos. Líon na bearnaí sa tábla leis an leagan ceart de na forainmneacha réamhfhoclacha.

| | **ar** | **le** | **roimh** |
|---|---|---|---|
| **mé** | orm | | |
| **tú** | | leat | |
| **sé** | air | | roimhe |
| **sí** | | léi | |
| **muid** | | linn | romhainn |
| **sibh** | | | |
| **siad** | orthu | | rompu |

b) Líon na bearnaí thíos anois leis an bhforainm réamhfhoclach cuí ón tábla thuas:

Tá brón ________ faoin méid a dúirt mé.

A chairde, tá fáilte ________ anseo anocht.

Sin Gráinne. Ar bhuail tú ________ fós?

Tá an madra sin crosta agus tá eagla orm ________.

Ar mhaith leo cupán tae? Cuir ceist ________.

Chuaigh siad go dtí an phictiúrlann. Ar thaitin an scannán ________?

## 2: Tráth na gceist (na contaetha)

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar chontaetha na hÉireann anseo agus freagraígí na ceisteanna le chéile.

Is féidir liosta de na contaetha a scanadh anseo.

1. Cé mhéad cúige atá in Éirinn? Cad is ainm dóibh?
2. Cén contae ina bhfuil ‘Cathair na dTreabh’?
3. Ainmnigh na 6 chontae atá i dTuaisceart Éireann.
4. Cén contae ina bhfuil an cósta is giorra in Éirinn?
5. Cad é an contae is mó in Éirinn?
6. Cad é an contae is lú in Éirinn?
7. Cén contae ina bhfuil an sliabh is airde in Éirinn?
8. Cad iad na contaetha a bhfuil Gaeltacht iontu?
9. Cén contae ina bhfuil an daonra is lú?
10. Cén contae a tharraingíonn an líon is mó turasóirí gach bliain?

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh.

Rólghníomhaíocht 1 agus Rólghníomhaíocht 2

Thug tú féin agus do chara cuairt ar áiteanna éagsúla in Éirinn le déanaí. Cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na turais a thug sibh. Bainigí úsáid as an eolas ar fad atá sna rólchártaí a thabharfaidh an múinteoir daoibh.

## 2: Scríobh

Roghnaigh ceann amháin de na háiteanna áille thuas agus samhlaigh go ndeachaigh tú ansin ag an deireadh seachtaine. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin gcuairt. Is leor cúig abairt nó mar sin.

| |
|---|
| Maidin Dé Sathairn a bhí ann agus bhí an aimsir go dona. |
| Chuaigh mé ar an traein go dtí Clochán an Aifir… |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |



## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Tá córas nua-aimseartha, idirghníomhach curtha ar bun ag Ionad Aillte an Mhothair i gContae an Chláir, chun blaiseadh de na radharcanna sa cheantar a thabhairt do chuairteoirí. Córas é seo atá dírithe ar thurasóirí, ach go háirithe nuair a bhíonn sé ag báisteach agus nach féidir na faillte[1] a fheiscint.

**Tomás Ó Mainnín**
Lá eile báistí ar chósta an Iarthair agus cuairteoirí ag iarraidh sásamh a bhaint as Aillte an Mhothair. Do chuid acu, áfach, loiteann an síorbháisteach, an ceo agus leagaíocha[2] sa phluda an turas. Tá Aillte an Mhothair ar an láthair nádúrtha is mó in Éirinn a tharraingíonn cuairteoirí, le os cionn milliún duine ag teacht anseo gach aon bhliain anois. Ach nuair a thagann cuid acu anseo níl rompu ach ceo agus báisteach agus gan aon radharc ar na faillte diamhracha[3] a mheall iad sa chéad áit. Chun blaiseadh de na radharcanna a thabhairt do chuairteoirí nuair nach bhfuil an radharc glan, tá córas nua léirithe idirghníomhach curtha in áit anseo. Tá amharclann san ionad agus físeán a thugann léargas fíorúil 4D do na cuairteoirí curtha isteach.

Tugann gainéad an lucht féachana ar thuras timpeall na bhfaillteacha[4], sula dtumann sí ina saighead faoin bhfarraige. Tugann an scannán léargas ar an ndomhan[5] fo-thoinn, sula n-éiríonn an gainéad arís agus a thugann turas os cionn na farraige go barr na- bhfaillteacha. Braitheann an lucht féachana idir ghaoth agus sprae na farraige agus na haimsire ar a dturas fíorúil. Áirítear gur córas ar leith é seo agus infheistíocht mhór san ionad atá in úinéireacht Chomhairle Contae an Chláir.

**Tomás Ó Mainnín**
Geraldine, cé mhéad a chosain an togra seo ar fad?

**Geraldine Enright, Bainisteoir, Ionad Aillte an Mhothair**
Chosain an togra seo €320,000.

**Tomás Ó Mainnín**
Do chuairteoirí, deir siad gur mór an seó é.

**Cuairteoir**
*It was beautiful, simply. And the nature is great, famous.*

**Tomás Ó Mainnín**
Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 ag Aillte an Mhothair.

---

[1] faillte = leagan canúnach de ‘aillte’
[2] leagaíocha = leagan canúnach de ‘titim’ san iolra
[3] diamhracha = leagan canúnach de ‘diamhra’
[4] timpeall na bhfaillteacha = leagan canúnach de ‘timpeall na n-aillte’
[5] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Bíodh plé agaibh faoin aimsir inniu agus faoin aimsir in Éirinn go ginearálta.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| nua-aimseartha | *modern* |
| idirghníomhach | *interactive* |
| blaiseadh | *taste* |
| ag báisteach | *raining* |
| loiteann | *(it) ruins, spoils* |
| sa phluda | *in the mud* |
| aillte diamhra | *mysterious cliffs* |
| sula dtumann sí | *before she dives* |
| saighead | *arrow* |
| infheistíocht | *investment* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| f | a | i | e | c | j | h | d | g | b |

2. Féach:

- Is minic a bhíonn sé **ag báisteach** anseo in Éirinn.
- Rinne Comhairle Contae an Chláir **infheistíocht** mhór san ionad agus sa chóras nua.
- Tá córas **nua-aimseartha**, **idirghníomhach** curtha ar bun in Ionad Aillte an Mhothair.
- Tagann a lán turasóirí go dtí Ionad Aillte an Mhothair chun na h**aillte diamhra** a fheiceáil.
- Bíonn sé ag báisteach go minic agus **loiteann** an aimsir an chuairt do na cuairteoirí.
- Léirítear éan san fhíseán ag eitilt sa spéir **sula dtumann sí** san fharraige.
- Lean na comharthaí a bhfuil **saighead** orthu.
- Tugann an córas nua **blaiseadh** de na radhairc áille atá sa cheantar do na cuairteoirí.
- Nuair a bhíonn sé ag báisteach bíonn na cuairteoirí ag siúl **sa phluda**.

3. Féach:

**síor**[1], *a1.* Eternal, perpetual; continual. **1. An bheatha shíor,** eternal life. **Tinneas ~,** constant illness. **Ag caint go ~,** for ever talking. **2.** (As s.) **De shíor,** for ever, constantly. **De shíor ag magadh orainn,** for ever mocking us.

**síor-**[2], *pref.* Perpetual, continual; ever-

4. Féach:

| | |
|---|---|
| Faoileán bán | 2 |
| Corr réisc | 3 |
| Gainéad | 1 |

## C: TUISCINT

Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (cúpla forainm réamhfhoclach)

a) Féach:

| | **ar** | **le** | **roimh** |
|---|---|---|---|
| **mé** | orm | liom | romham |
| **tú** | ort | leat | romhat |
| **sé** | air | leis | roimhe |
| **sí** | uirthi | léi | roimpi |
| **muid** | orainn | linn | romhainn |
| **sibh** | oraibh | libh | romhaibh |
| **siad** | orthu | leo | rompu |

b) Féach:

Tá brón **orm** faoin méid a dúirt mé.
A chairde, tá fáilte **romhaibh** anseo anocht.
Sin Gráinne. Ar bhuail tú **léi** fós?
Tá an madra sin crosta agus tá eagla orm **roimhe**.
Ar mhaith leo cupán tae? Cuir ceist **orthu**.
Chuaigh siad go dtí an phictiúrlann. Ar thaitin an scannán **leo**?

## 2: Tráth na gceist (na contaetha)

Féach ar chontaetha na hÉireann anseo nó thíos.

### Liosta na gContaetha [ cuir in eagar | athraigh foinse ]

| Contae | Príomhbhaile | Cúige | Tír | Daonra (2016) | Achar (km²) | Dlús Daonra |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae na Gaillimhe | Gaillimh | Connachta | Éire | 258,552 | 6,148 | 37.7 |
| Contae Liatroma | Cora Droma Rúisc | Connachta | Éire | 31,972 | 1,588 | 18.2 |
| Contae Mhaigh Eo | Caisleán an Bharraigh | Connachta | Éire | 130,425 | 5,585 | 22.2 |
| Contae Ros Comáin | Ros Comáin | Connachta | Éire | 64,436 | 2,547 | 21.0 |
| Contae Shligigh | Sligeach | Connachta | Éire | 65,357 | 1,836 | 33.2 |
| Contae Bhaile Átha Cliath | Baile Átha Cliath | Laighin | Éire | 1,281,320 | 921 | 1289.0 |
| Contae Cheatharlach | Ceatharlach | Laighin | Éire | 56,875 | 896 | 56.2 |
| Contae Chill Chainnigh | Cill Chainnigh | Laighin | Éire | 99,118 | 2,061 | 42.5 |
| Contae Chill Dara | An Nás | Laighin | Éire | 222,130 | 1,693 | 110.1 |
| Contae Chill Mhantáin | Cill Mhantáin | Laighin | Éire | 142,332 | 2,024 | 62.3 |
| Contae na hIarmhí | An Muileann gCearr | Laighin | Éire | 88,396 | 1,838 | 43.2 |
| Contae Laoise | Port Laoise | Laighin | Éire | 84,732 | 1,719 | 39.0 |
| Contae Loch Garman | Loch Garman | Laighin | Éire | 149,605 | 2,352 | 56.0 |
| Contae an Longfoirt | An Longfort | Laighin | Éire | 40,810 | 1,091 | 31.5 |
| Contae Lú | Dún Dealgan | Laighin | Éire | 128,375 | 820 | 135.7 |
| Contae na Mí | An Uaimh (iar Baile Átha Troim) | Laighin | Éire | 194,942 | 2,342 | 69.5 |
| Contae Uíbh Fhailí | Tulach Mhór (iar An Daingean) | Laighin | Éire | 78,003 | 1,999 | 35.5 |
| Contae Chiarraí | Trá Lí | An Mhumhain | Éire | 147,554 | 4,746 | 27.9 |
| Contae an Chláir | Inis | An Mhumhain | Éire | 118,627 | 3,147 | 44.4 |
| Contae Chorcaí | Corcaigh | An Mhumhain | Éire | 542,196 | 7,457 | 64.5 |
| Contae Luimnigh | Luimneach | An Mhumhain | Éire | 195,175 | 2,686 | 68.5 |
| Contae Phort Láirge | Dún Garbhán (iar Cluain Meala agus Caiseal) | An Mhumhain | Éire | 116,401 | 1,837 | 58.6 |
| Contae Thiobraid Árann | Aonach Urmhumhan (iar Port Láirge) | An Mhumhain | Éire | 160,441 | 4,303 | 34.7 |
| Contae Aontroma | An Baile Meánach (iar Carraig Fhearghais 1850–1970) | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 618,108 | 2,844 | 216.7 |
| Contae Ard Mhacha | Ard Mhacha | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 174,792 | 1,254 | 101.1 |
| Contae an Chabháin | An Cabhán | Ulaidh | Éire | 76,092 | 1,931 | 33.1 |
| Contae Dhoire | Cúil Raithin | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 247,132 | 2,074 | 102.1 |
| Contae an Dúin | Dún Pádraig | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 531,665 | 3,155 | 130.1 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae Dhún na nGall | Leifear | Ulaidh | Éire | 158,755 | 4,841 | 30.4 |
| Contae Fhear Manach | Inis Ceithleann | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 61,170 | 1,691 | 31.9 |
| Contae Mhuineacháin | Muineachán | Ulaidh | Éire | 61,273 | 1,294 | 43.3 |
| Contae Thír Eoghain | An Ómaigh | Ulaidh | Tuaisceart Éireann | 177,986 | 3,155 | 50.2 |

Freagraí:
1. Tá ceithre chúige in Éirinn – Cúige Chonnacht, Cúige Laighean, Cúige Uladh, Cúige Mumhan.
2. Tugtar ‘Cathair na dTreabh’ ar Chathair na Gaillimhe i gContae na Gaillimhe.
3. Contae Aontroma, Contae Ard Mhacha, Contae Dhoire, Contae an Dúin, Contae Thír Eoghain, Contae Fhear Manach.
4. Contae Liatroma.
5. Is é Contae Chorcaí an contae is mó.
6. Is é Contae Lú an contae is lú.
7. Is é Corrán Tuathail an sliabh is mó in Éirinn agus tá sé i gContae Chiarraí.
8. Tá Gaeltachtaí sna contaetha seo a leanas: Contae Dhún na nGall, Contae Mhaigh Eo, Contae na Gaillimhe, Contae Chiarraí, Contae Chorcaí, Contae Phort Láirge agus Contae na Mí.
9. Contae Liatroma.
10. Is í Cathair Bhaile Átha Cliath a mheallann an líon is mó turasóirí in Éirinn, Contae na Gaillimhe ina dhiaidh sin agus Contae Chorcaí ina dhiaidh sin arís.

## E: CUMARSÁID
### 1: Caint
Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

Rólghníomhaíocht 1:
Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos an comhrá samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: Cén áit a ndeachaigh tú?
A: Go dtí Aillte an Mhothair.
B: Cá bhfuil Aillte an Mhothair?
A: I gContae an Chláir.
B Cén cineál áite í ?
A: Tá aillte arda ann agus tá an radharc go hálainn.
B: Cathain a chuaigh tú?
A: Um Cháisc.
B: An raibh mórán daoine ann?
A: Bhí sé plódaithe. Bhí slua mór ann.
B: Conas a bhí an aimsir?
A: Bhí sé ag báisteach, bhí an ceo go trom agus bhí muid ag siúl sa phluda.
B: Cad a rinne tú ansin?
A: Chuaigh muid ag siúl ar na haillte agus d’fhéach muid ar an bhfíseán san ionad.

Rólghníomhaíocht 2:
Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos an comhrá

samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: Cén áit a ndeachaigh tú?
A: Go dtí Clochán an Aifir.
B: Cá bhfuil Clochán an Aifir?
A: I gContae Aontroma.
B: Cén cineál áite í ?
A: Tá radharc iontach ann, Tá 40,000 cloch ar an gcósta.
B: Cathain a chuaigh tú?
A: Ag an deireadh seachtaine.
B: An raibh mórán daoine ann?
A: Ní raibh. Bhí líon beag turasóirí ann.
B: Conas a bhí an aimsir?
A: Bhí an lá go deas. Bhí an ghrian ag soilsiú agus bhí sé te.
B: Cad a rinne tú ansin?
A: Chuaigh muid ag siúl ar an gcósta agus bhí lón againn sa chaifé.

## 2: Scríobh
Iarr orthu postáil ghearr (san aimsir chaite) a scríobh, faoi cheann amháin de na háiteanna thuas. Is leor cúig abairt nó mar sin.

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?
Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

*Curtha ar fáil ag*
Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil
*le tacaíocht ó*
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4

Rólchártaí le gearradh amach:

**Rólghníomhaíocht 1**

| Duine A | Duine B |
|---|---|
| ***Turas*** | ***Turas*** |
| **Áit?** Aillte an Mhothair | **Áit?** |
| **Contae?** I + Contae (an Chlár) | **Contae?** |
| **Cineál áite?** aillte arda, radharc álainn | **Cineál áite?** |
| **Cathain?** Um Cháisc | **Cathain?** |
| **Mórán daoine?** slua mór, plódaithe | **Mórán daoine?** |
| **Aimsir?** Ceo + ag báisteach + pluda | **Aimsir?** |
| **Cad a rinne tú?** ag siúl / físeán | **Cad a rinne tú?** |

******************************

**Rólghníomhaíocht 2**

| Duine A | Duine B |
|---|---|
| ***Turas*** | ***Turas*** |
| **Áit?** Clochán an Aifir | **Áit?** |
| **Contae?** I + Contae (Aontroim) | **Contae?** |
| **Cineál áite?** radharc iontach, 40,000 cloch ar an gcósta | **Cineál áite?** |
| **Cathain?** deireadh seachtaine | **Cathain?** |
| **Mórán daoine?** líon beag turasóirí | **Mórán daoine?** |
| **Aimsir?** lá deas / grian / te | **Aimsir?** |
| **Cad a rinne tú?** ag siúl / lón sa chaifé | **Cad a rinne tú?** |